2026/2499

13.11.2026

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais CEE-NA TRANS/WP.29/343, doiciméad atá ar fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 183 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le cineál feithicle a cheadú i ndáil le hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí [2026/2499]

Dáta teacht i bhfeidhm: Meán Fómhair 2026 (le deimhniú)

Is áis doiciméadúcháin amháin é an doiciméad seo. Is é seo an téacs atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí: ECE/TRANS/WP.29/2026/40

Clár

Rialachán

0. Réamhrá

1. Raon feidhme

2. Sainmhínithe

3. Iarratas ar cheadú

4. Ceadú

5. Ceanglais theicniúla

6. Cineál feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur le ceadú

7. Comhréireacht táirgeachta

8. Pionóis as neamhchomhréireacht táirgeachta

9. Scor cinntitheach den táirgeadh

10. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Iarscríbhinní

1 Teachtaireacht

2 Leagan amach marcanna ceadaithe

3 Pacáiste doiciméadachta maidir le feidhmiúlacht an Ardchórais Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí

4 Pacáiste doiciméadachta maidir le héifeachtacht an Ardchórais Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí

5 Nós imeachta tástála spotseiceála

0. Réamhrá

0.1. Tá an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe ina fhoirm bhunaidh (sraith leasuithe 00) ailínithe go dlúth le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2590 ón gCoimisiún maidir le hardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí, le miondifríochtaí lena n-áirítear ar mhaithe le soiléireacht agus/nó ceartúcháin eagarthóireachta nuair is ábhartha. Tháinig roinnt ábhar tagartha freisin ón doiciméad dar teideal 'Ceisteanna agus Freagraí maidir leis an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí: Freagraí ar na ceisteanna a d'ardaigh Páirtithe Leasmhara maidir le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le hArdrchóras Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2590'.

0.2. Meastar gur fadhb thromchúiseach atá ag dul i méid maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar fud an domhain é seachmall. Nuair a chuirtear seachmall ar thiománaí, atreoraítear a aird ó ghníomhaíochtaí atá ríthábhachtach don tiomáint shábháilte agus i dtreo gníomhaíocht iomaíoch, rud a chuireann isteach ar fheidhmíocht. Is iondúil go mbíonn staid an tiománaí le linn teagmhas seachmaill díomuan, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh seachmall den sórt sin tarlú freisin ar thús na tiomána agus/nó ag aon am eile le linn an turais tiomána.

0.3. Cineál coitianta seachmaill is ea 'seachmall amhairc', mar shampla i gcás ina bhfuil teachtaireacht téacs á léamh ag tiománaí ar fhón póca nó faisnéis á léamh aige ar roghchlár consóil feithicle nó ar rialtán feithicle. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfadh 'seachmall láimhe' a bheith ag gabháil leis an seachmall amhairc, i gcás ina bhfuil feiste nó rialtán ag an tiománaí agus/nó ina n-oibríonn sé feiste nó rialtán seachas an ceann is gá le haghaidh tiomáint shábháilte.

0.4. Dírítear leis an rialachán seo ar theagmhais seachmaill amhairc réasúnta fada (seachas uaineach) a bhrath laistigh d'achar sonrach de chábán na feithicle. Ní thugann sé aghaidh ar sheachmall amhairc lasmuigh den limistéar sonrach sin, seachmall uaineach (fad gearr), ná seachmall cognaíoch. Tá coinne leis go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na ceanglais theicniúla i sraith leasuithe ar an rialachán seo amach anseo chun forbairtí leanúnacha i dteicneolaíochtaí rabhaidh do sheachmall tiománaí a chur san áireamh, lena n-áirítear feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras sin agus sochair sábháilteachta ar bhóithre a mhéadú.

0.5. D'fhéadfadh agaí freagartha méadaithe agus deacracht maidir le luas seasmhach agus/nó suíomh lána a choinneáil a bheith i gceist le héifeachtaí lagaithe tiománaí mar gheall ar sheachmall. Is guais shuntasach sábháilteachta é sin le linn tiomána i dtrácht ard-dlúis agus i gceantair uirbeacha, agus le linn dálaí níos oscailte de chineál mórbhealaigh ar luasanna méadaithe. Thairis sin, tá baol suntasach ann go dtarlóidh teagmhas seachmaill ar fud an speictrim sin de dhálaí tiomána.

0.6. D'fhéadfadh déine na dtuairteanna a bhaineann le seachmall a bheith an-ard, toisc gur lú an seans go bhfreagróidh tiománaithe a bhfuil seachmall orthu go héifeachtach chun déine imbhuailte atá ar tí tarlú a laghdú (e.g. coscánú, stiúradh chun imbhualadh tromchúiseach a sheachaint, etc.).

0.7. Is féidir ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a úsáid chun faireachán díreach a dhéanamh ar aird amhairc an tiománaí (e.g. trí cheamaraí a úsáid chun treo amharc an tiománaí laistigh de chábán na feithicle a chinneadh). Beidh an córas in ann rabhadh a thabhairt má mheastar go bhfuil seachmall ar an tiománaí.

0.8. Tá roinnt foghrúpaí feithiclí ann ina bhféadfadh tairbhe ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a bheith níos teoranta toisc go n-úsáidtear iad go príomha i ndálaí eile seachas trácht ard-dlúis agus mórbhealaí (e.g. feithiclí de chatagóir G, feithiclí tógála, etc.). I gcásanna áirithe (e.g. feithiclí de chatagóir G, feithiclí tógála a úsáidtear go príomha i limistéir easbhóthair agus ar rianta gairbhéil, feithiclí míleata) d'fhéadfadh líon ard rabhadh seachmaill a bheith mar thoradh ar an timpeallacht oibriúcháin agus/nó ar an mbealach ina n-úsáidtear na feithiclí i gcásanna nach bhfuil an riosca sábháilteachta iarbhír suntasach, nó d'fhéadfadh deacracht mhéadaithe a bheith ann maidir le teagmhais seachmaill a bhrath go hiontaofa. Gan beann ar an tairbhe, d'fhéadfadh roinnt cineálacha feithiclí a bheith ann freisin a mbeadh sé deacair go teicniúil nó nach mbeadh sé indéanta ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a shuiteáil ina leith (e.g. feithiclí sainchuspóireacha).

0.9. Sonraítear i mír 1.2 go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do cheanglais dlíthe náisiúnta nó réigiúnacha a bhaineann le príobháideachas, cosaint sonraí agus próiseáil sonraí pearsanta. Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh aon Pháirtí Conarthach a chuireann an rialachán seo i bhfeidhm aon cheanglas breise den sórt sin a fhorordú trína dhlíthe. Ní dhéanfaidh Seirbhísí Teicniúla ná Údaráis Ceadaithe measúnú ar chomhlíonadh aon dlí réigiúnach nó náisiúnta den sórt sin mar chuid d'iarratas ar chineálcheadú cineáil feithicle maidir lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí. Is faoi na húdaráis ábhartha réigiúnacha agus/nó náisiúnta atá sé sin, chomh maith le monaróirí feithiclí.

Mar shampla, féadfaidh ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí úsáid a bhaint as sonraí ó cheamaraí a dhéanann faireachán ar thaistealaithe na feithicle. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a roghnú ceanglais a shonrú sa dlí réigiúnach nó náisiúnta chun cosc a chur ar úsáid na sonraí sin chun sainaithint uathúil aon duine nádúrtha a dheimhniú.

D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí dhlíthe príobháideachais níos ginearálta, agus/nó trí cheanglais theicniúla shonracha, lena n-áirítear, mar shampla, aon sonraí a choinneáil laistigh de chóras lúbiata ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun go gcomhlíonfaidh an córas a fheidhm sábháilteachta, agus chun rochtain neamhúdaraithe a chosc. Ba cheart do na Páirtithe Conarthacha breithniú a dhéanamh freisin ar an bhféidearthacht go bhféadfaí sonraí pearsanta bithmhéadracha, agus/nó stóráil sonraí stairiúla tiománaí ar leith, a úsáid chun feidhmíocht ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí a fheabhsú. D'fhéadfadh córais den sórt sin, mar shampla, cead a lorg ó thiománaí agus féadfaidh faisnéis mhíniúcháin faoi na hathruithe ar an gcóras a chuirfear chun feidhme agus na cúiseanna atá leis na hathruithe sin a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin.

0.10. [Forchoimeádta].

1. Raon feidhme

1.1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí de chatagóirí M agus N. ([1])

1.2. Tá an Rialachán seo gan dochar do cheanglais dlíthe náisiúnta nó réigiúnacha a bhaineann le príobháideachas, cosaint sonraí agus próiseáil sonraí pearsanta.

1.3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le feithiclí i gcatagóir X ná i gcatagóir Y. ([1])

2. Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

2.1. Ciallaíonn '*Ardchóras Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí*' córas lena ndéantar measúnú ar aird amhairc an tiománaí agus lena dtugtar rabhadh don tiománaí trí Chomhéadan Duine le Meaisín na feithicle nuair a mheastar go bhfuil seachmall air.

2.2. Ciallaíonn '*ceadú cineáil feithicle*' an nós imeachta iomlán trína ndeimhníonn Páirtí Conarthach sa Chomhaontú go gcomhlíonann cineál feithicle ceanglais theicniúla an Rialacháin seo.

2.3. Ciallaíonn '*sonraí pearsanta bithmhéadracha*' sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil shonrach agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó sonraí méarloirg.

2.4. Ciallaíonn '*Comhéadan Duine le Meaisín*' comhéadan úsáideora na feithicle lenar féidir leis an duine dul i dteagmháil le comhpháirteanna bogearraí na feithicle agus idirghníomhú leo, lena n-áirítear chun a stádas a bhreathnú.

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3) (doiciméad TRANS/WP.29/78/Rev.8, mír. 2) - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

2.5. Ciallaíonn '*cás neamh-ainmniúil*' cás ina ndéanann gnéithe difear don ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, ar gnéithe iad a bhaineann leis an tiománaí, leis an bhfeithicil, nó leis an timpeallacht, nó ar gnéithe eile iad a fhanann laistigh de theorainneacha an chórais a dhearbhaítear i bpacáiste doiciméadachta an mhonaróra a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinní 3 agus 4.

2.6. Ciallaíonn '*pointe tagartha súilí*' an tagairt uathúil súile a úsáidtear i ndearadh feithicle.

2.7. Ciallaíonn '*iompraíocht truicearaithe*' gníomhaíocht an tiománaí a fhágann go ndéanann an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí faireachán uirthi agus go dt dtugann sé rabhadh don tiománaí a luaithe a tharlaíonn an ghníomhaíocht sin.

2.8. Ciallaíonn '*cineál feithicle maidir lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí*' catagóir feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail iad seo a leanas:

(a) trádainm nó trádmharc an mhonaróra;

(b) cineál agus dearadh an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:

(i) an modh/na modhanna a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar thiománaí a bhfuil seachmall air;

(ii) feidhmiúlacht agus feidhmíocht íosta an bhraiteora/na mbraiteoirí a úsáidtear san ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí;

(iii) modhanna, straitéis agus saintréithe an chórais rabhaidh; agus

(c) gnéithe agus córais na feithicle a imríonn tionchar suntasach ar fheidhmiú nó ar fheidhmíocht an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. An t-iarratas ar cheadú cineáil feithicle i ndáil lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, is é monaróir na feithicle nó ionadaí creidiúnaithe an mhonaróra a chuirfidh isteach é.

3.2. An t-iarratas ar cheadú cineáil feithicle i ndáil lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis:

(a) na huimhreacha agus/nó na siombailí lena sainaithnítear an cineál feithicle;

(b) tuairisc ar an gcineál feithicle, lena n-áirítear go háirithe maidir leis na hítimí a luaitear i mír 2.8.;

(c) pacáiste doiciméadachta ina sonraítear an chaoi a bhfeidhmíonn an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, i gcomhréir le hIarscríbhinn 3; agus

(d) pacáiste doiciméadachta lena mbailíochtaítear éifeachtacht an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí, i gcomhréir le hIarscríbhinn 4.

3.2.1. Soláthrófar na pacáistí doiciméadachta a leagtar amach in Iarscríbhinní 3 agus 4 don Údarás Cineálcheadaithe agus don tSeirbhís Theicniúil sula gcuirfear i gcrích an tástáil spotseiceála a leagtar amach in Iarscríbhinn 5.

3.3. Déanfar feithicil atá ionadaíoch don chineál feithicle atá le ceadú a chur faoi bhráid na Seirbhíse Teicniúla atá freagrach as an doiciméadú teicniúil a chuir an monaróir isteach a mheasúnú agus na tástálacha fíoraithe a dhéanamh.

4. Ceadú

4.1. An cineál feithicle a chuirtear isteach lena chineálcheadú de bhun an Rialacháin seo, má chomhlíonann sé ceanglais theicniúla mhír 5, deonófar ceadú le haghaidh an chineáil feithicle sin.

4.1.1. Léireoidh an monaróir comhréireacht an chineáil feithicle leis na ceanglais theicniúla i mír 5 thíos trí phacáistí doiciméadachta a chur isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn 3 agus Iarscríbhinn 4.

4.1.2. Fíoróidh an tSeirbhís Theicniúil go gcomhlíonann an cineál feithicle a chuirtear isteach lena cheadú de bhun an Rialacháin seo ceanglais theicniúla mhír 5 thíos agus go n-éiríonn léi sa tástáil spotseiceála a leagtar amach in Iarscríbhinn 5.

4.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál a cheadófar i gcomhréir le Sceideal 4 den Chomhaontú (E/ECE/TRANS/505/Rev.3). Ní shannfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna don chineál feithicle céanna ar a bhfuil cineál eile ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí feistithe, ná do chineál eile feithicle.

4.3. Fógra maidir le ceadú, síneadh le ceadú, diúltú nó tarraingt siar an cheadaithe sin de bhun an Rialacháin seo, cuirfear an fógra sin in iúl do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1.

4.4. Gach feithicil atá i gcomhréir le cineál feithicle a cheadaítear faoin Rialachán seo, greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta atá i gcomhréir leis an sampla a dtugtar tuairisc uirthi in Iarscríbhinn 2 di, a bheidh le feiceáil go soiléir, a bheidh in áit a bhféadfar teacht air go héasca a sonrófar ar an bhfoirm cheadaithe, agus beidh an méid seo a leanas ann:

(a) ciorcal timpeall ar an litir 'E' agus ina dhiaidh sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú; ([2]) agus

(b) ar thaobh na láimhe deise den chiorcal a fhorordaítear sa mhír seo, uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir 'R', dais, agus an uimhir cheadaithe.

4.4.1. Má tá an fheithicil i gcomhréir, sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo, le cineál feithicle atá ceadaithe faoi cheann amháin nó níos mó de na Rialacháin eile atá i gceangal leis an gComhaontú, ní gá an tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4. a chur ar fáil arís; i gcás den sórt sin, déanfar an Rialachán agus uimhreacha ceadaithe agus siombailí breise na Rialachán uile ar fad faoinar deonaíodh ceadú sa tír a dheonaigh ceadú faoin Rialachán seo a chur i gcolúin ingearacha ar thaobh na láimhe deise den tsiombail a fhorordaítear i mír 4.4. thuas.

4.5. Beidh an marc ceadaithe soléite agus beidh sé doscriosta.

4.6. Cuirfear an marc ceadaithe ar phláta sonraí na feithicle nó gar dó.

5. Ceanglais theicniúla

5.1. Infheidhmeacht

5.1.1. Aon fheithicil atá feistithe le hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a chomhlíonann an sainmhíniú i mír 2.1. thuas, comhlíonfaidh sí na ceanglais a leagtar amach i míreanna 5.2. go 5.7. thíos.

5.2. Ceanglais theicniúla ghinearálta

5.2.1. Cinnfear le hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí cén uair nach bhfuil aird amhairc an tiománaí dírithe ar na tascanna tiomána agus tabharfaidh sé foláireamh don tiománaí trí chomhéadan duine le meaisín na feithicle.

5.2.2. Dearfar an córas ADDW chun ráta earráide an chórais (bréagdheimhneach) faoi fhíordhálaí tiomána a íoslaghdú.

5.2.3. An t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí agus aon chóras eile a thugann rabhadh don tiománaí agus é codlatach, dearfar iad chun forluí a sheachaint agus gan an tiománaí a spreagadh ar leithligh agus i gcomhthráth, nó ar bhealach mearbhlach, i gcás ina spreagann gníomh amháin an dá chóras.

5.2.4. Ní dhéanfaidh réimsí maighnéadacha nó leictreacha dochar d'éifeachtacht an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí. Léireofar é sin trí na ceanglais theicniúla a chomhlíonadh agus trí chloí le forálacha idirthréimhseacha shraith leasuithe 06 nó sraith leasuithe níos déanaí ar Rialachán Uimh. 10 ó na Náisiúin Aontaithe.

([2]) Atáirgtear sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.8 - https://unece.org/transport/vehicle-regulations/wp29/resolutions.

5.3. Rialú ar an gcóras ADDW

5.3.1. Déanfar an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a ghníomhachtú go huathoibríoch os cionn luas 20 km/u, mura sonraítear a mhalairt leis na ceanglais a leagtar síos i míreanna 5.3.2. go 5.3.6 thíos. Féadfaidh monaróir na feithicle a roghnú gníomhachtú uathoibríoch an chórais ADDW a shocrú ar luas níos ísle.

5.3.1.1. Ceadaítear tréimhse charnach nach mó ná 1 nóiméad tiomána ar luasanna ≥ 20 km/h chun go dtosóidh an córas ar staid an tiománaí a thomhas agus chun é féin a chalabrú.

5.3.2. Beidh an tiománaí in ann an rabhadh ADDW nó an córas ADDW a dhíghníomhachtú de láimh, ag brath ar cé acu den dá fhéidearthacht (nó an dá fhéidearthacht araon) atá roghnaithe ag an monaróir a chur ar fáil.

5.3.3. I gcás ina mbeidh sé réamhshainithe ag an monaróir, féadfar an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a dhíghníomhachtú go huathoibríoch sna cásanna seo a leanas:

(a) nuair a ghlacann córas eile an tasc tiomána dinimiciúil ar fad ar láimh ar bhonn leanúnach;

(b) nuair atá córas feithicle arna oibriú ag tiománaí, a chuidíonn le tiománaí daonna an fhadghluaisne agus an ghluaisne chliathánach a rialú ar bhonn leanúnach, gníomhach agus nuair atá córas faireacháin tiománaí ann lena ndéanfar measúnú cuimsitheach ar aird amhairc nó ar dhíscor amhairc an tiománaí agus lena dtabharfar rabhadh don tiománaí trí chomhéadan duine le meaisín na feithicle nuair a mheastar go bhfuil seachmall orthu – mar shampla córas faireacháin ar staid an tiománaí i gcomhréir le Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe (maidir le córais cúnta rialaithe tiománaí).

5.3.4. Déanfar an córas ADDW a athghníomhachtú go huathoibríoch a luaithe nach ann a thuilleadh do na dálaí ba chúis lena dhíghníomhachtú uathoibríoch.

5.3.4.1. I gcomhthéacs mhír 5.3.3. (a), áireofar leis an tasc tiomána dinimiciúil na feidhmeanna oibríochtúla fíor-ama agus na feidhmeanna beartacha uile is gá chun an fheithicil a oibriú, seachas feidhmeanna straitéiseacha amhail sceidealú turais agus roghnú ceann scríbe agus treoirphointí, agus na fothascanna seo a leanas san áireamh:

(a) rialú ar ghluaisne chliathánach feithicle trí stiúradh (oibríochtúil);

(b) rialú ar fhadghluaisne feithicle trí luasghéarú agus luasmhoilliú (oibríochtúil);

(c) faireachán a dhéanamh ar an timpeallacht tiomána trí ábhair agus teagmhais a bhrath, a aithint, a aicmiú agus trí ullmhú freagartha (oibríochtúil agus beartach);

(d) freagairt ar ábhair agus ar theagmhais a fhorghníomhú (oibríochtúil agus beartach);

(e) pleanáil ainlithe (beartach); agus

(f) feabhas a chur ar fheiceálacht trí shoilsiú, an bonnán a shéideadh, comharthaíocht nó geáitsíocht (beartach).

5.3.5. Ní dhéanfar an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a dhíghníomhachtú go huathoibríoch faoi na dálaí a leagtar síos i mír 5.7, ach féadfar rabhaidh seachmaill an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí a dhíghníomhachtú go huathoibríoch. Ba cheart astú an rabhaidh seachmaill a athghníomhachtú go huathoibríoch a luaithe nach ann a thuilleadh do na dálaí ba chúis lena dhíghníomhachtú uathoibríoch.

5.3.6. Féadfar astú rabhadh seachmaill ón gcóras ADDW a shochtadh go huathoibríoch faoi dhálaí ina bhfuil rabhadh á thabhairt ag córais chúnaimh tiomána eile faoi gharchontúirt nó faoi chás criticiúil, ach ní dáil é chun an córas ADDW a dhíghníomhachtú go huathoibríoch.

5.3.6.1. Ba cheart feidhm an rabhaidh seachmaill a athghníomhachtú go huathoibríoch a luaithe nach ann a thuilleadh do na dálaí ba chúis lena shochtadh uathoibríoch.

5.3.7. Déanfar an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, lena n-áirítear rabhaidh comhéadáin duine le meaisín, a athbhunú go huathoibríoch sa ghnáthmhodh oibríochta gach uair a thionscnófar an gléasra cumhachta ([3]) ([4]). Féadfaidh monaróir na feithicle coinníollacha eile le haghaidh aischur uathoibríoch a thabhairt isteach agus a chur isteach.

5.4. Dálaí comhshaoil

5.4.1. Feidhmeoidh an córas ADDW go héifeachtach i rith an lae agus na hoíche araon.

5.4.2. Oibreoidh an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí in éagmais dálaí aimsire a chuireann srian le hoibriú an chórais. Ceanglaítear ar an monaróir doiciméadacht a sholáthar lena n-áirítear na dálaí aimsire agus soilsithe ina n-oibríonn an córas go héifeachtach, i gcomhréir le hIarscríbhinn 4, mír 1 (c).

5.5. Faireachán ar sheachmall tiománaí

5.5.1. Leis an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, déanfar faireachán ar fhéachaint an tiománaí sna réimsí spéise dá dtagraítear i bpointí 5.5.1.4 go 5.5.1.6.

5.5.1.1. Measfar go dtosaíonn féachaint an tiománaí ón bpointe tagartha súilí a shainítear mar a leanas:

5.5.1.2. I gcás feithiclí de chatagóir M agus N, is é lár phointí súilí an tiománaí a bheidh sa phointe tagartha súilí, mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (maidir le gairis amhairc neamhdhírigh) lena gcuimsítear sraith leasuithe 04 nó níos déanaí. Dá bhrí sin, tá comhordanáidí an phointe súl 635 mm go hingearach os cionn phointe R shuíochán an tiománaí (suíodh an pointe 'R' cheana féin i ndáil le marcanna tagartha an déantóra atá sainithe ag monaróir na feithicle).

5.5.1.3. De rogha air sin, i gcás feithiclí de chatagóirí M_2, M_3, N_2, agus N_3 nach bhfuil bunaithe ar ardán M_1, féadfaidh pointe súl E2 mar a shainmhínítear i Rialachán Uimh. 167 ó na Náisiúin Aontaithe (maidir le mótarfheithiclí i ndáil lena radharc díreach) ina n-ionchorpraítear sraith leasuithe 00 nó sraith leasuithe níos déanaí a bheith ina phointe tagartha súilí. Is éard atá i bpointe súile E2 pointe a sheasann don lárphointe idir lár shúil chlé an tiománaí agus lár shúil dheas an tiománaí, sainítear E2 le frithcáireamh 1 163,25 mm in ais Z (ingearach) agus 678 mm siar in ais X (cothrománach) ó phointe sáile an luasaire. Tá suíomh E2 in ais Y (cliathánach) ar phlána ceartingearach, atá comhthreomhar leis an bhfadphlána meánach agus a théann trí lár shuíochán an tiománaí.

5.5.1.4. Ainmnítear Achar 1 mar fhorluí ar na criosanna seo a leanas (féach Fíor I):

(a) díon na feithicle;


(b) aon achar san fheithicil atá lasmuigh (maidir leis an treo chun tosaigh ina bhfuil an tiománaí ag féachaint, a mheastar ag treoshuíomh 0°) den dá phlána cheartingearacha, ceann amháin acu arna rothlú +55° (ar dheis) agus an ceann eile arna rothlú −55° (ar chlé) i ndáil le fadtreo na feithicle, tagann an dá phlána le chéile ag an bpointe tagartha súilí mar a shainítear thíos.

([3]) Tosú innill nua (nó timthriall reatha) a dhéantar go huathoibríoch, mar shampla trí chóras stoptha/tosaithe a oibriú, ní mheastar gur tionscnamh an ghléasra cumhachta é.

([4]) Mar a shainmhínítear i Rún Frithpháirteach Uimh. 2 (M.R.2) de Chomhaontuithe 1958 agus 1998 ina bhfuil sainmhínithe ar chórais tiomána feithiclí, féach doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1121.

Fíor I

Achar 1 a ainmniú (cás tiomána ar thaobh na láimhe clé ar taispeáint)




5.5.1.5. Ainmnítear Achar 2 mar aontas de na criosanna a liostaítear thíos (féach Fíor II):

(a) achar an ghaothscátha agus na bhfuinneog;

(b) 10° timpeall achar an ghaothscátha agus na bhfuinneog mar a fheictear ón bpointe tagartha súilí.

Fíor II

Achar 2 a ainmniú (cás tiomána ar thaobh na láimhe clé ar taispeáint)



5.5.1.6. Ainmnítear Achar 3 le haon achar faoi bhun plána, 30° síos ó phointe tagartha súilí an tiománaí agus leis an idirghníomhaíocht le hAchar 1 agus le hAchar 2 a dtugtar tuairisc uirthi ina dhiaidh seo (féach Fíor III):


(a) mar réamhshocrú, déantar aon achar a mheastar a bheith in Achar 1 a eisiamh ó Achar 3;

(b) mar réamhshocrú, déantar aon achar a mheastar a bheith in Achar 2 a eisiamh ó Achar 3;

(c) is féidir le monaróir na feithicle a roghnú cuid den achar ó Achar 1 agus/nó Achar 2 go dtí Achar 3 a chur san áireamh.

Fíor III

Achar 3 a ainmniú (cás tiomána ar thaobh na láimhe clé ar taispeáint)



Tabhair faoi deara: léiríonn an íomhá thíos ag an mbun an cás má tá an chuid is ísle d'Achar 2 (gaothscáth móide 10°) faoi bhun na huillinne amhairc ingearaigh de 30°.

5.5.1.7. Is ó thaobh phointe tagartha súilí an tiománaí i gcónaí a chuirtear achar le chéile nó a eisiatar achar ó chéile. Fágann sin gurb í an chomhordanáid uilleach, seachas an chomhordanáid spásúil, nach mór a úsáid agus achar á theilgean ar achar eile.

Tar éis an teilgean a dhéanamh, féadfar an chomhordanáid spásúil a úsáid chun tuairisc a thabhairt ar an achar a eascraíonn as sin agus an tuairisc atá air a shimpliú.

5.5.2. Truicir rabhaidh agus cásanna a chumhdaítear leis an gcóras ADDW

5.5.2.1. Tabharfar rabhadh don tiománaí a luaithe a bheidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

(a) ar luas 50 km/h nó níos mó atá an fheithicil;

(b) maireann féachaint an tiománaí in Achar 3 ar feadh uastréimhse 3,5 soicind sa chás ainmniúil. Sna cásanna neamh-ainmniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn 3, mír 1.1, féadfar síneadh 1,5 soicind breise a chur le huasteorainn ama an cháis ainmniúil.

Aon uair a dhéanfar na coinníollacha a liostaítear in (b) a thástáil, cuirfear aga maolánach breise chun feidhme chun na neamhchinnteachtaí tomhais teicniúla a chúiteamh – féach Iarscríbhinn 5, mír 9.

5.5.2.2. Tabharfar rabhadh don tiománaí a luaithe a bheidh feidhm ag an dá choinníoll seo a leanas:

(a) ar luas 20 km/u nó níos mó, agus níos lú ná 50 km/u;

(b) maireann féachaint an tiománaí in Achar 3 ar feadh uastréimhse 6 shoicind sa chás ainmniúil. Sna cásanna neamh-ainmniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn 3, mír 1.1, féadfar síneadh 1,5 soicind breise a chur le huasteorainn ama an cháis ainmniúil.

Aon uair a dhéanfar na coinníollacha a liostaítear in (b) a thástáil, cuirfear aga maolánach breise chun feidhme chun na neamhchinnteachtaí tomhais teicniúla a chúiteamh – féach Iarscríbhinn 5, mír 9.

5.5.2.3. Nuair a ghníomhachtaítear an córas ADDW comhairfear an fad ama a chaitheann an tiománaí ag féachaint ar Achar 3. Tomhaistear an fad ama sin gan beann ar luas na feithicle, fad agus go bhfuil an córas ADDW gníomhachtaithe agus go bhfuil sé in ann é a thomhas.

5.5.2.4. Ní dhéanfar an fad ama a chaitheann an tiománaí ag féachaint ar Achar 3 a athshocrú mar gheall ar dhéantán próiseála íomhánna a d'fhéadfadh a bheith ann ná mar gheall ar athrú gearr ar an treo féachana 'isteach, amach agus isteach arís' in Achar 3. Is é monaróir na feithicle a shaineoidh an lamháltas ama a cheadaítear le haghaidh na dteagmhas a thuairiscítear, lena ngabhfaidh lamháltas íosta ama 50 milleasoicind (sacáidí súl).

5.5.2.5. Féadfaidh monaróir na feithicle a roghnú íoscheanglas luais níos ísle a shocrú i gcásanna dá dtagraítear i míreanna 5.5.2.1. agus 5.5.2.2.

5.5.2.6. Féadfaidh monaróir na feithicle straitéisí rabhaidh breise a chur chun feidhme, bunaithe ar ionchur breise a chuideoidh leis an gcóras iompraíocht, seachmall cognaíoch nó garthimpeallacht an tiománaí laistigh den fheithicil a thuiscint.

5.6. Ceanglais a bhaineann leis an gcomhéadan duine le meaisín

5.6.1. Cineál an rabhaidh

5.6.1.1. Bainfidh an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí úsáid as rabhadh amhairc chun an tiománaí a chur ar an eolas agus as rabhadh fuaime agus/nó rabhadh haptach chun foláireamh a thabhairt don tiománaí a luaithe is féidir tar éis na hiompraíochta truicearaithe agus féadfaidh sé dul i ndéine go dtí go scoirfear den choinníoll truicearaithe a leagtar amach i míreanna 5.5.2.1, 5.5.2.2 nó 5.5.2.6 a fhíorú.

Meastar go dtosaíonn an rabhadh nuair a thugtar rabhadh fuaime nó rabhadh haptach don tiománaí.

5.6.1.2. Féadfar an rabhadh a thugtar don tiománaí a oiriúnú chun straitéis rabhaidh a cheadú atá bunaithe ar theagmhais a tharla roimhe seo, iompraíocht an tiománaí, dálaí bóthair, an aimsir agus faisnéis chomhthéacsúil ábhartha eile. Ní mór aon oiriúnú ar an rabhadh a bheith i gcomhréir leis na critéir theicniúla a leagtar amach i míreanna 5.6.2 go 5.6.4.1.

5.6.2. Rabhadh Amhairc

5.6.2.1. Beidh an rabhadh amhairc suite ionas go mbeidh sé sofheicthe agus inaitheanta ag an tiománaí faoi sholas an lae agus le linn na hoíche agus is féidir é a úsáid le haghaidh aon fholáireamh airde, ar choinníoll nach gcuirfidh sé mearbhall ar an tiománaí.

5.6.2.2. Táscaire seasta nó gealánach a bheidh sa rabhadh amhairc (e.g. leideoirí, teachtaireacht aníos, etc.).

5.6.3. Rabhadh fuaime

5.6.3.1. Beidh an rabhaidh fuaime inaitheanta go héasca ag an tiománaí.

5.6.3.2. Beidh formhór na rabhadh fuaime laistigh den raon minicíochta 200–8 000 Hz agus laistigh den raon aimplitiúide 50–90 dB. Féadfaidh monaróir na feithicle an aimplitiúid a choigeartú ag brath ar an leibhéal torainn máguaird.

5.6.3.3. Má úsáidtear foláirimh urlabhra, beidh an stór focal a úsáidfear comhsheasmhach le haon téacs a úsáidtear mar chuid den fholáireamh amhairc.

5.6.3.4. Mairfidh an chuid inchloiste den fholáireamh ar a laghad an fad ama a ligeann don tiománaí é a thuiscint.

5.6.4. Rabhadh haptach

5.6.4.1. Beidh an rabhadh haptach sobhraite don tiománaí agus tabharfar é go díreach nó go hindíreach trí aon chomhéadan a mheastar a tharraingeoidh aird an tiománaí ar ais chuig an tasc tiomána.

5.7. Rabhadh maidir le teip córais ADDW

5.7.1. Teipeanna buana

5.7.1.1. Tar éis teip bhuan a bhrath sa chóras ADDW, tabharfar síorchomhartha rabhaidh amhairc faoi theip don tiománaí.

5.7.1.2. Déanfar féinseiceáil tosaigh ar ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí amháin ar a laghad sula mbeidh an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí oibríochtúil. Ina dhiaidh sin, cuirfear comhartha rabhaidh faoi theip in iúl don tiománaí i gcás teip atá inbhraite go leictreach.

5.7.1.3. Aithneoidh an córas teagmhas neamhshealadach plúchta braiteora agus tabharfaidh sé an comhartha rabhaidh faoi theip mar a leagtar síos i mír 5.7.1.1, ar comhartha é a thaispeánfar. Is éard a chumhdaítear le teagmhas plúchta braiteora ar a laghad i gcás nach ndéanann an braiteoir aon solas a thomhas agus an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí gníomhachtaithe.

5.7.1.4. Teipeanna lena ngníomhachtaítear an comhartha rabhaidh, ach nach mbraitear nuair a dhíghníomhachtaítear an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, coinneofar iad tar éis iad a bhrath agus leanfar dá dtaispeáint ó gach uair a thionscnaítear gléasra cumhachta na feithicle ([5]), ([6]), fad agus a mhairfidh an teip nó an fabht.

5.7.2. Teipeanna sealadacha

5.7.2.1. Nuair a bhraithfear teip shealadach neamhleictreach, féadfar an comhartha rabhaidh faoi theip mar a leagtar síos i mír 5.7.1. a thaispeáint.

5.7.2.2. Soláthrófar faisnéis don tiománaí maidir leis an teorainn a bhaineann leis an gcóras ADDW faoi láthair agus/nó na teorainneacha tipiciúla a bhaineann leis an gcóras ADDW. Is iad na teorainneacha lena mbaineann na teorainneacha sin a fhágann nach mbíonn an córas ADDW ag feidhmiú go leormhaith ar bhonn sealadach toisc nach féidir gnéithe leordhóthanacha d'aghaidh an tiománaí a bhrath de dheasca eilimintí iomarcacha a bhaineann leis an tiománaí, leis an bhfeithicil nó leis an timpeallacht, nó de dheasca eilimintí iomarcacha eile a dhéanann difear d'fheidhmíocht an chórais ADDW agus nach bhféadfaí déileáil leo mar chás neamh-ainmniúil. Féadfaidh monaróir na feithicle úsáid a bhaint as cur chuige gníomhach trí bhíthin rabhadh amhairc breise agus/nó as cur chuige éighníomhach trí bhíthin faisnéis i scríbhinn.

([5]) Tosú innill nua (nó timthriall reatha) a dhéantar go huathoibríoch, mar shampla trí chóras stoptha/tosaithe a oibriú, ní mheastar gur tionscnamh an ghléasra cumhachta é.

([6]) Mar a shainmhínítear i Rún Frithpháirteach Uimh. 2 (M.R.2) de Chomhaontuithe 1958 agus 1998 ina bhfuil sainmhínithe ar chórais tiomána feithiclí, féach doiciméad ECE/TRANS/WP.29/1121.

6. Cineál feithicle a mhodhnú agus síneadh a chur le ceadú

6.1. Gach modhnú ar an gcineál feithicle a mhéid a bhaineann leis an Rialachán seo, tabharfar fógra faoi don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál feithicle sin. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe ceann de na nithe seo a leanas:

(a) A mheas nach bhfuil éifeacht dhíobhálach ag na modhnuithe a rinneadh ar na coinníollacha a bhaineann leis an gceadú a dheonú agus síneadh ar an gceadú a dheonú;

(b) A mheas go ndearna na modhnuithe difear do na coinníollacha a bhaineann le deonú an cheadaithe, agus go bhfuil gá le tuilleadh tástálacha nó seiceálacha breise sula gcuirfí síneadh leis an gceadú;

(c) A chinneadh, i gcomhairle leis an monaróir, go ndeonófar cineálcheadú nua; nó

(d) An nós imeachta i mír 6.1.1. (Athbhreithniú) agus, más infheidhme, an nós imeachta i mír 6.1.2. (Síneadh) a chur i bhfeidhm.

6.1.1. Athbhreithniú

Nuair a athraítear na sonraí a taifeadadh sna doiciméid faisnéise agus nuair a mheasann an tÚdarás Cineálcheadaithe nach dócha go mbeidh éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag na modhnuithe a rinneadh, tabharfar 'athbhreithniú' ar an modhnú.

Ina leithéid de chás, eiseoidh an tÚdarás Cineálcheadaithe na leathnaigh athbhreithnithe de na doiciméid faisnéise de réir mar is gá, agus marcálfaidh sé gach ceann de na leathanaigh athbhreithnithe chun an cineál athraithe agus dáta na hatheisiúna a thaispeáint go soiléir.

Measfar go ndéanfaidh leagan comhdhlúite nuashonraithe de na doiciméid faisnéise, maille le tuairisc mhionsonraithe ar an modhnú, an ceanglas sin a chomhlíonadh.

6.1.2. Síneadh.

Ainmneofar an modhnú mar 'síneadh' más rud é gur amhlaidh aon cheann díobh seo a leanas, sa bhreis ar an athrú ar na sonraí atá taifeadta sna doiciméid faisnéise,

(a) Is gá iniúchtaí breise nó tástálacha breise a dhéanamh; nó

(b) Athraíodh aon chuid den fhaisnéis sa doiciméad cumarsáide (cé is moite de na ceangaltáin a ghabhann leis); nó

(c) Iarrtar ceadú le haghaidh sraith leasuithe níos faide anonn tar éis a teacht i bhfeidhm.

6.2. Déanfar dearbhú nó diúltú maidir le ceadú, lena sonrófar na mionathruithe, a chur in iúl de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 4.3 thuas do na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú a bhfuil an Rialachán seo ó na Náisiúin Aontaithe á chur i bhfeidhm acu. Ina theannta sin, déanfar an t-innéacs a ghabhann leis na doiciméid faisnéise agus leis na tuarascálacha tástála, atá i gceangal le doiciméad cumarsáide Iarscríbhinn 1, a leasú dá réir sin chun dáta an athbhreithnithe nó an tsínidh is déanaí a thaispeáint.

6.2.1. I gcás síneadh, sannfaidh an t-údarás ceadaithe sraithuimhir do gach síneadh, ar a dtabharfar an uimhir sínidh.

7. Comhréireacht táirgeachta

7.1. Beidh nósanna imeachta um chomhréireacht táirgeachta comhréireach leis na forálacha ginearálta a shainítear in Airteagal 2 agus Sceideal 1 a ghabhann leis an gComhaontú (E/ECE/TRANS/505/Rev.3) agus comhlíonfaidh siad na ceanglais seo a leanas:

7.1.1. Déanfar feithicil arna ceadú de bhun an Rialacháin seo a mhonarú sa chaoi go mbeidh sí i gcomhréir leis an gcineál a ceadaíodh trí cheanglais mhír 5 thuas a chomhlíonadh; agus

7.1.2. An t-údarás ceadaithe a dheonaigh an ceadú, féadfaidh sé na modhanna rialaithe comhréireachta is infheidhme maidir le gach aonad táirgthe a fhíorú tráth ar bith. Uair amháin gach 2 bhliain a bhíonn i ngnáthmhinicíocht na gcigireachtaí sin, agus uair amháin gach 3 bliana a bheidh sa mhinicíocht íosta.

8. Pionóis as neamhchomhréireacht táirgeachta

8.1. An ceadú a dheonaítear i leith cineál feithicle de bhun an Rialacháin seo, féadfar é a tharraingt siar mura gcomhlíontar an ceanglas a leagtar síos i mír 7.1.1 thuas nó má theipeann ar an bhfeithicil nó na feithiclí a roghnaíodh sna seiceálacha a fhorordaítear i mír 7.1.2 thuas.

8.2. Páirtí Conarthach sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra ina leith sin láithreach do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin foirm fógra a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. Scor cinntitheach den táirgeadh

9.1. Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go buan de bheith ag monarú cineál feithicle arna cheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo, tabharfaidh sé fógra maidir leis sin don údarás a dheonaigh an ceadú, agus tabharfaidh an t-údarás fógra ina dhiaidh sin do na Páirtithe Conarthacha eile sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, trí bhíthin foirm chumarsáide a bheidh i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo.

10. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

10.1. Na páirtithe conarthacha sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, mar aon le hainmneacha agus seoltaí an Údaráis Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú.

IARSCRÍBHINN 1

Teachtaireacht

(uasfhormáid: A4 (210 x 297 mm))



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
……
……
……

Maidir le: ([2])
Ceadú deonaithe
Síneadh curtha leis an gceadú
Ceadú diúltaithe
Ceadú tarraingthe siar
Scor cinntitheach den táirgeadh

i dtaca le cineál feithicle maidir lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí de bhun Rialachán Uimh. 183 ó na Náisiúin Aontaithe.

Uimh. Cheadaithe ……

1. Trádainm nó trádmharc na feithicle: ……

2. Cineál feithicle: ……

3. Modh sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil/ar an gcomhpháirt/ar an aonad teicniúil faoi leith ([2]): ……

4. Suíomh na marcála sin: ……

5. Catagóir na feithicle: ……

6. Ainm agus seoladh an mhonaróra: ……

7. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme: ……

8. Tuairisc ghairid ar an bhfeithicil: ……

9. An tSeirbhís Theicniúil a dhéanann na measúnuithe agus na fíoruithe: ……

10. Dáta na tuarascála arna heisiúint ag an tSeirbhís Theicniúil sin: ……

11. Uimhir na tuarascála arna heisiúint ag an tSeirbhís Theicniúil sin: ……

12. Ceadú deonaithe/ceadú diúltaithe/síneadh curtha leis an gceadú/ceadú aistarraingthe ([2]): ……

13. Suíomh mharc an cheadaithe ar an bhfeithicil: ……

([1]) Sainuimhir na tíre a dheonaigh/a shínigh/a dhiúltaigh nó a tharraing siar ceadú (féach forálacha ceadaithe sa Rialachán).
([2]) Scrios aon rud nach mbaineann le hábhar.

14. Áit: .....

15. Dáta: .....

16. Síniú: .....

17. Barúlacha (más ann dóibh): .....


18. An liosta doiciméad a taisceadh leis an Údarás Ceadaithe a dheonaigh ceadú, tá sé i gceangal leis an teachtaireacht seo agus is féidir é a fháil ach é a iarraidh.

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach marcanna ceadaithe

Samhail A

(Féach mír 4.4 den Rialachán seo)




a = 8 mm ar a laghad.


Léirítear leis an marc ceadaithe thuas atá greamaithe d'fheithicil gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann, maidir lena hardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí san Ísiltír (E 4) de bhun Rialachán Uimh. 183 ó na Náisiúin Aontaithe faoi cheadú Uimh. 000192. Léiríonn an chéad dá dhigit (00) den uimhir ceadaithe gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 183 ó na Náisiúin Aontaithe san fhoirm bhunaidh.

Samhail B

(Féach mír 4.4.1. den Rialachán seo)



183	00 0192
135	01 1628



a = 8 mm ar a laghad.

Leis an marc ceadaithe thuas a ghreamaítear d'fheithicil, taispeántar gur ceadaíodh an cineál feithicle lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialacháin Uimh. 183 agus 135 ó na Náisiúin Aontaithe. [1] Léirítear leis an gcéad dá dhigit de na huimhreacha ceadaithe, ar na dátaí ar ar deonaíodh na ceaduithe faoi seach, gur ionchorpraíodh sraith leasuithe 00 i Rialachán Uimh. 183 ó na Náisiúin Aontaithe agus gur ionchorpraíodh sraith leasuithe 01 i Rialachán Uimh. 135 ó na Náisiúin Aontaithe.

[1] Níl san uimhir dheiridh ach sampla.

IARSCRÍBHINN 3

Pacáiste doiciméadachta maidir le feidhmiúlacht an Ardchórais Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí

1. Áireofar an méid seo a leanas sa phacáiste doiciméadachta a sholáthróidh an monaróir don Údarás Ceadaithe agus don tSeirbhís Theicniúil araon ina sonrófar conas a fheidhmeoidh an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí:

   (a) míniú ar fheidhmeanna gníomhachtaithe, athghníomhachtaithe agus díghníomhachtaithe an chórais, lena n-áirítear raonta luais gaolmhara na feithicle;

   (b) liosta d'ionchuir uile an chórais ina bhfuil na méadrachtaí uile a glacadh chun seachmall an tiománaí a thomhas;

   (c) tuairisc ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na méadrachtaí agus ar an gcaoi a ndéanann siad faireachán ar an tiománaí agus ar iompraíocht tiomána, lena n-áirítear, más infheidhme, an gaol idir príomh-mhéadrachtaí agus méadrachtaí tánaisteacha/cúltaca;

   (d) tuairisc ar an iompraíocht truicearaithe a bhfuil an córas ag déanamh faireachán uirthi;

   (e) tuairisc ar an achar timpeall na tagartha súilí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras agus, má úsáidtear tagairt do chaighdeán, an t-achar ina bhfuil coinne leis go mbeidh súile an tiománaí tástála, mar a leagtar amach i mír 4.1.1 (b) in Iarscríbhinn 5;

   (f) tuairisc (tuairisc théacsúil, léaráid, líníocht theicniúil nó aon mhodh leordhóthanach eile) ar an achar laistigh de chábán na feithicle a mheasann an córas a bheith ina Achair 1, 2, agus 3, i gcomhréir le mír 5.5.1 sa Rialachán seo, chun seachmall tiománaí a mheas;

   (g) an crios/na criosanna lena dteorannaítear suíomh gach ceann de na pointí grinnithe féachana le haghaidh na tástála spotseiceála laistigh de chábán na feithicle, i gcomhréir le mír 4.2 in Iarscríbhinn 5;

   (h) doiciméad ina sonraítear comhpháirteanna chomhéadan duine le meaisín an chórais chomh maith leis an bhfeidhmiúlacht atá beartaithe dóibh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

      (i) fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le comhéadan duine le meaisín an ardchórais rabhaidh do sheachmall tiománaí i gcomhréir le mír 5.6 sa Rialachán seo, agus réasúnuithe má roghnaíonn an monaróir gan an moladh a leagtar amach i mír 5.6.3.2 den Rialachán seo a leanúint; agus

      (ii) más infheidhme, tuairisc ar an straitéis maidir le hathdhéanamh, dul i ndéine nó géarú thabhairt an rabhaidh i gcásanna nach gcomhlíonann an tiománaí na rabhaidh seachmaill a thugtar;

   (i) míniú ar an gcaoi a bhféadfaí an córas ADDW a thiúnáil má chuirtear an fheithicil in oiriúint do thiománaí a bhfuil riachtanais speisialta aige; agus

   (j) an tréimhse lamháltais ama arna roghnú ag an monaróir chun gur féidir teagmhas féachana tiománaí a thomhas go leanúnach laistigh d'Achar 3 agus a dtarlaíonn déantán próiseála íomhánna féideartha nó athrú gearr ar threo féachana lena linn (féach mír 5.5.2.4. den Rialachán seo).

1.1. Áireofar sa phacáiste doiciméadachta freisin liosta ina mbeidh tuairisc ar na teorainneacha atá leis an gcóras, mar aon le fianaise faoin gcaoi a ndéantar difear d'fheidhmíocht an chórais laistigh de na teorainneacha sin.

1.1.1. D'fhéadfadh sé gur gnéithe a bhaineann leis an tiománaí, leis an bhfeithicil nó leis an gcomhshaol iad na teorainneacha, ach níl siad teoranta dóibh sin amháin.

1.1.2. Áireofar go soiléir ar an liosta cásanna neamh-ainmniúla a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí a fheidhmíocht a dhíghrádú laistigh de theorainneacha an chórais.

1.2. Ní sholáthrófar liosta na n-ionchur córais don Údarás Cineálcheadaithe ná don tSeirbhís Theicniúil ach amháin chun an córas ADDW le haghaidh an chineálcheadaithe a fhíorú.

1.3. Ní chuirfear an liosta d'aon mhéadracht thánaisteach ar aghaidh ón tSeirbhís Theicniúil chuig an Údarás Cineálcheadaithe.

2. Forálacha maidir le hIniúchadh Teicniúil Tréimhsiúil a dhéanamh ar an gcóras

2.1. Maidir le cigireachtaí teicniúla tréimhsiúla, tabharfar tuairisc sa doiciméadacht ar an gcaoi ar féidir stádas oibríochtúil ceart an chórais a dheimhniú (e.g. seiceáil bolgáin).

IARSCRÍBHINN 4

Pacáiste doiciméadachta maidir le héifeachtacht an Ardchórais Rabhaidh do Sheachmall Tiománaí

1. An pacáiste doiciméadachta ina sonraítear an chaoi ar bailíochtaíodh an t-ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí laistigh de raon na dteorainneacha a leagtar amach i mír 1.1 in Iarscríbhinn 3, áireofar an méid seo a leanas ann:

   (a) fianaise maidir le feidhmíocht an chórais a bailíodh le linn atástálacha a rinneadh le tiománaithe daonna, lena n-áirítear an fhaisnéis faoi líon agus déimeagrafaic na rannpháirtithe tástála a ndearnadh measúnú orthu, ina bhfuil an méid seo a leanas:

      (i) critéir chuimsithe agus eisiaimh a úsáideadh agus rannpháirtithe á roghnú, lena n-áirithítear gur measadh an córas a bheith éifeachtach, laistigh dá raonta teorainneacha, i gcás cuid ionadaíoch den daonra tiomána; agus

      (ii) ráiteas maidir le leordhóthanacht na rannpháirtithe i leith na déimeagrafaíochta spriocdhírithe i gcás na feithicle (rannpháirtithe a bhfuil ceadúnas bailí acu chun an fheithicil ina bhfuil an córas ADDW suiteáilte a thiomáint, mar shampla);

   (b) tuairisc ar na dálaí tástála a ndearnadh measúnú orthu, lena n-áirítear faisnéis maidir le hin-atrialltacht agus in-atáirgtheacht na tástála; agus

   (c) fianaise go n-oibríonn an córas go héifeachtach i ndálaí aimsire agus soilsithe nach gcuireann teorainn le hoibriú an chórais.

2. Más rud é go ndearnadh an bailíochtú ar fheithicil eile, áireofar sa doiciméadacht faisnéis lena nasctar an próiseas bailíochtúcháin le ceanglais chineálcheadaithe na feithicle.

3. Más rud é go ndearnadh an tástáil bhailíochtúcháin in insamhlóir tiomána, déanfaidh monaróir na feithicle na teorainneacha a bhaineann leis a dhoiciméadú maidir le tástáil ar fhíorbhóithre faoi dhálaí réalaíocha chun an córas ADDW a thástáil. Áireofar sa doiciméadacht sin an méid seo a leanas:

   (a) comparáid idir na príomhshonraí ionchuir a úsáidtear le haghaidh an chórais ADDW ón ionsamhlóir agus na príomhshonraí ionchuir ón bhfeithicil faoi fhíordhálaí; agus

   (b) anailís ar bhailíocht thorthaí an bhailíochtaithe ionsamhlaithe.

4. Más rud é go ndearnadh an bailíochtú mar chuid de thaighde a rinneadh chun comhlíontacht leis na ceanglais theicniúla a shuíomh nó chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an chórais maidir le cineálcheadú, beidh faisnéis sa doiciméadacht maidir leis na paraiméadair, lena n-áirítear an raon inghlacthachta a úsáideann monaróirí feithiclí chun a dhearbhú do na hÚdaráis Chineálcheadaithe go gcomhlíonann an córas ADDW na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

IARSCRÍBHINN 5

Nós imeachta tástála spotseiceála

1. Cuspóir

Déanfar tástáil spotseiceála faoi dhálaí lena áirithiú go bhfuil an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí oibríochtúil agus in ann na rabhaidh uile a thaispeáint.

2. Gaireas a thástáil

2.1. Feithicil atá á meas le haghaidh an chineálcheadaithe atá socraithe ina cumraíocht réamhshocraithe.

2.1.1. Sa chomhthéacs sin, bíonn feidhm ag cumraíocht réamhshocraithe maidir le feithicil ag a bhfuil páirteanna gluaisteacha (i.e. cumraíocht is féidir leis an tiománaí a athrú gan gá le cuidiú seachtrach), cumraíocht lenar féidir infheictheacht an tiománaí nó rochtain an tiománaí ar thuilleadh spáis laistigh den urrann tosaigh (lena n-áirítear an díon) a athrú.

2.1.2. Agus an chumraíocht réamhshocraithe i bhfeidhm le haghaidh na tástála, beidh an tiománaí in ann an chuid is mó de na pointí grinnithe in Achar 3 mar a leagtar amach i mír 4.2 den iarscríbhinn seo a fheiceáil agus idirghníomhú leo, mar aon le héifeacht na timpeallachta a íoslaghdú amhail solas na gréine, an ghaoth agus an bháisteach.

2.2. Trealamh chun luas na feithicle tástála arna thaispeáint (fíorluas nó luas ionsamhailte) a chinneadh go ± 1 km/u chun an ceanglas maidir le luasanna a leagtar síos i mír 5.1. den iarscríbhinn seo a thaifeadadh agus a dheimhniú.

2.3. Líon leordhóthanach ceamaraí forlíontacha atá suite ionas go dtabharfar forbhreathnú ar na dálaí tástála a leagtar síos i mír 8 de iarscríbhinn seo.

3. Sampla tástála

3.1. Déanfar an tástáil agus tiománaí tástála amháin ar a laghad i suíochán an tiománaí.

Léireoidh an tiománaí tástála na tréithe a leagtar síos i míreanna 3.1.1 go 3.1.4 den iarscríbhinn seo.

3.1.1. Ní mór don tiománaí tástála a bheith in ionad lenar féidir súile an tiománaí, agus a ghnáthchoigeartú suíocháin agus rotha stiúrtha le haghaidh tiomána i bhfeidhm, a bheith ag pointe súl na tagartha súilí, agus ceachtar de na leibhéil inathraitheachta ionad seo a leanas a bheith ann, de réir rogha mhonaróir na feithicle:

(a) ± 100 mm ar a fhad agus ± 50 mm go hingearach timpeall an phointe tagartha súilí;

(b) Bunaithe ar chaighdeán atá ábhartha chun ionad féideartha phointe súl an tiománaí timpeall an phointe tagartha súilí a shonrú agus, an tráth céanna, a áirithiú go gcumhdaítear achar atá ar mhéid comhchosúil nó atá ar mhéid níos mó ná mar a thuairiscítear in (a) thuas.

3.1.2. Gan spéaclaí ná gabhálas cinn, lena n-áirítear hata nó masc.

3.1.3. Gan gruaig aghaidhe seachas malaí.

3.1.4. Féadfaidh monaróir na feithicle a roghnú ceann amháin nó níos mó de na tréithe a leagtar amach i míreanna 3.1.2 agus 3.1.3 a cheadú do na tiománaithe tástála.

3.1.5. Féadfaidh monaróir na feithicle a roghnú an crios a bhféadfadh ionad shúile an tiománaí a bheith ann a mhéadú mar a leagtar amach i mír 3.1.1 thuas.

4. Pointí grinnithe féachana

4.1. Is é monaróir na feithicle a mholfaidh suíomh iomchuí na bpointí grinnithe a bheidh le tástáil de réir na srianta geoiméadracha agus deartha a bhaineann le cábán na feithicle atá á mheas le haghaidh an chineálcheadaithe.

4.2. Áireofar sa tástáil spotseiceála pointe grinnithe amháin ar a laghad atá suite i ngach ceann de na criosanna seo a leanas, má tá siad san fheithicil, agus, i gcás inar féidir, laistigh d'Achar 3 mar a leagtar amach i mír 5.5.1.6 den Rialachán seo:

(a) glúin chlé an tiománaí;

(b) glúin dheas an tiománaí;

(c) ucht an tiománaí;

(d) log coise an phaisinéara nó suíomh comhchosúil atá ag féachaint síos i dtreo limistéar íochtarach tosaigh na feithicle ó chlé nó ó dheas ó shuíochán an tiománaí;

(e) dromchla shuíochán an phaisinéara nó suíomh comhchosúil atá ag féachaint síos ar chlé nó ar dheis ó shuíochán an tiománaí i dtreo dromchla atá ceaptha chun paisinéir a shuí, earraí a stóráil nó ligean do ghluaiseacht paisinéirí san fheithicil;

(f) cóifrín lámhainní nó suíomh comhchosúil ag 30° (ingearach) ón taobh eile (ó thaobh an tiománaí) d'urrann tosaigh na feithicle;

(g) gaothairí aeir atá díreach ar thaobh na láimhe clé den tiománaí;

(h) gaothairí aeir atá díreach ar thaobh na láimhe deise den tiománaí;

(i) braisle uirlisí, gan an taispeáint cheannard ná taispeáint a thrasnaíonn bonn an ghaothscátha;

(j) roth stiúrtha, nuair atá sé feistithe le cnaipí chun idirghníomhú leis an gcóras faisnéise siamsúla nó leis na córais chúnaimh;

(k) giarluamhán;

(l) rialuithe téimh, aerála agus aerchóiriúcháin;

(m) taispeáint faisnéise siamsúla;

(n) consól láir, arb é atá ann an crios tosaigh atá gar do phainéal na deaise, mura bhfuil sé cumhdaithe le haon phointe grinnithe eile dá dtagraítear ó (a) go (m).

4.3. Má tá ionad an tiománaí i lár na hurrainne tosaigh nó gar di agus má chomhfhreagraíonn an 'taobh eile (ó thaobh an tiománaí) d'urrann tosaigh na feithicle' do dhá chrios fhéideartha ar chlé agus ar dheis ó ionad an tiománaí, roghnóidh na seirbhísí teicniúla ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) an grinniú féachana a roinnt ina 'leagan clé' agus ina 'leagan deas' den phointe grinnithe;

(b) ach amháin má tá níos mó ná pointe grinnithe amháin ann is féidir a roinnt, malartú a dhéanamh tríd an 'leagan ar chlé' a dhéanamh de phointe grinnithe ar leith agus an 'leagan ar dheis' a dhéanamh de phointe grinnithe eile – ionas go gcumhdófar an taobh ar chlé agus an taobh ar dheis uair amháin ar a laghad (i gcás gach taoibh).

5. Treoluasanna tástála

5.1. Déanfar gach pointe grinnithe féachana a thástáil uair amháin ar a laghad idir 20 km/u agus 35 km/u agus uair amháin ar a laghad idir 50km/u agus 65 km/u.

6. Dálaí comhshaoil

6.1. Ní mór na tástálacha a dhéanamh ar an bhfeithicil faoi fhíordhálaí nó dálaí seachtracha oibríochta ionsamhlaithe le haghaidh an lae agus na hoíche.

Féadfar córais nach ndéanann solas an lae difear dóibh a thástáil i ndálaí lae nó oíche.

6.1.1. I gcás ina ndéantar an tástáil ar thimpeallacht bóthair riain tástála:

(a) lá: tosóidh an tástáil tar éis éirí gréine agus roimh luí na gréine;

(b) oíche: tosóidh an tástáil tar éis luí na gréine agus roimh éirí gréine.

6.1.2. I gcás tástáil a dhéantar ar thimpeallacht bóthair ionsamhlaithe:

(a) lá: leathnaíonn na dálaí faoi sholas timpeallach (ISO 15008: 2017);

(b) oíche: dáil lena mbaineann soilsiú timpeallach íseal, ar dáil í faoina mbíonn leibhéal oiriúnaithe an tiománaí faoi thionchar go príomha ag an gcuid sin den bhóthar os a chomhair atá cumhdaithe le ceannsoilse na feithicle féin agus na soilse sráide mórthimpeall, agus ag gile scáileáin agus uirlise (ISO 15008:2017).

7. Sainmhíniú ar thairseacha ama le haghaidh rabhadh

7.1. An phríomhthairseach chun rabhadh seachmaill a thabhairt:

Ba cheart rabhadh a thionscnamh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i míreanna 5.5.2.1. agus 5.5.2.2. den Rialachán i gcás inarb iad na paraiméadair faireacháin a bheidh sna pointí grinnithe féachana a leagtar amach i mír 4.2.

8. Nós imeachta maidir le tástáil spotseiceála

8.1. Tabharfar treoir don tiománaí tástála maidir le feidhmiúlacht an chórais. An próiseas maidir le treoraíocht a thabhairt, déanfar é a dhoiciméadú go soiléir sa sainchomhad fianaise arna sholáthar ag monaróir na feithicle do na hÚdaráis Chineálcheadaithe agus do na Seirbhísí Teicniúla i gcomhréir le hIarscríbhinn 3.

8.2. Más rud é gur cheart an córas ADDW a chalabrú ar feadh tréimhse ama tar éis a thúsaithe, déanfar nósanna imeachta calabrúcháin le linn cás tiomána bunlíne, gan aon ghníomhaíocht sheachmallach chomhthreomhar.

8.2.1. Tabharfaidh an monaróir tuairisc ar an gcás tiomána bonnlíne ionas gur féidir é a chur i gcrích go rathúil, agus faisnéis ann lena n-áirítear próifíl luas-ama na feithicle agus céimeanna nó gníomhaíochtaí sonracha a éilíonn an tiománaí, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

8.3. Pointí grinnithe féachana a thástáil

8.3.1. Leis an nós imeachta tástála, braithfear aon uair a bhíonn an tiománaí ag féachaint go fadtréimhseach gan bhriseadh ar shiúl ón gcás tiomána. Tosófar ar na tarluithe sin a bhrath nuair a chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) baineann an fheithicil amach an treoluas atá le tástáil, de réir mhír 5.1. thuas; agus

(b) meastar leis an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí nach bhfuil seachmall ar an tiománaí ar feadh 60 soicind ar a laghad – tosaíonn an tréimhse íosta 60 soicind sin nuair a bheidh aon chalabrú riachtanach ar an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí curtha i gcrích i gcomhréir le mír 8.2. den Iarscríbhinn seo agus le mír 5.3.1.1. den Rialachán seo.

8.3.2. Féadfaidh an t-údarás atá freagrach as an gcineálcheadú an seicheamh ina dtástáiltear na pointí grinnithe a chinneadh.

8.3.3. Le linn na tástála, ba cheart gníomhaíochtaí an tiománaí a theorannú dó na gníomhaíochtaí sin a bhfuil coinne leo go nádúrtha ó na pointí grinnithe atá á meas.

8.3.3.1. Is iondúil gur comhghluaiseacht idir an cloigeann agus na súile iad gníomhaíochtaí an tiománaí a bhfuil coinne leo go nádúrtha. Mar sin féin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina mbreathnaítear iompraíocht atá cosúil le gluaiseacht súl amháin (cineál laghairte) nó gluaiseacht chloiginn amháin (cineál ulchabháin).

8.3.4. Déanfar gach pointe grinnithe a shanntar do na criosanna a leagtar amach i mír 4.2. thuas agus atá suite in Achar 3 a thástáil.

8.3.5. Chun gach pointe grinnithe féachana aonair a thomhas, tionscnaítear tús an tomhais a luaithe a mheasann an córas nach ndeachaigh an tiománaí tástála chun seachmaill ar feadh 15 shoicind ar a laghad.

8.3.6. Féadfaidh monaróir na feithicle faisnéis a chur ar fáil trí bhíthin na doiciméadachta, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 3, chun sainmhíniú a dhéanamh ar an bpríomhiompraíocht nó ar na príomhghníomhaíochtaí nach n-aithneofar mar ghníomhaíochtaí seachmaill chun críoch na tástála sin.

8.3.7. Tugtar treoraíocht don tiománaí tástála an fhéachaint a aistriú chuig ceann de na pointí grinnithe, agus an ceanglas ó mhír 8.3.3 thuas á chur i bhfeidhm chomh maith agus is féidir.

8.3.8. Coinníonn an tiománaí tástála a fhéachaint dírithe ar an bpointe grinnithe, go dtí go dtabharfar rabhadh, nó go dtí 3 shoicind ar a laghad tar éis an ama a mheastar a tharlóidh rabhadh.

8.3.9. Tar éis gach pointe grinnithe féachana a thomhas, measfaidh an córas nach ndeachaigh an tiománaí chun seachmaill ar feadh 15 shoicind ar a laghad sula mbogfaidh sé ar aghaidh go dtí an chéad phointe grinnithe eile.

9. Torthaí Tástála

9.1. Déileálfar le tomhais mar thomhais bhréagdhiúltacha nuair a choinníonn an tiománaí an fhéachaint dírithe ar phointe grinnithe atá suite laistigh d'Achar 3 a leagtar amach i mír 5.5.1.6. sa Rialachán seo agus faoin gcoinníoll a leagtar amach i mír 5.5.2.1. sa Rialachán seo agus nach n-astaítear aon rabhadh seachmaill laistigh de 4 shoicind (lena n-áirítear maolán neamhchinnteachta 0,5 soicind).

9.1.1. Féadfar tomhas a athrú ó thomhas bréagdhiúltach go tomhas 'neamhbhainteach' má thionscnaítear rabhadh fuaime nó haptach ó chóras eile feithicle, laistigh den tréimhse ama lena bhfuil coinne i gcás rabhadh ón ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, nó má tá an córas eile feithicle sin nasctha leis an measúnú ar iompraíocht an tiománaí dá dtagraítear i mír 8.3.6 san iarscríbhinn seo.

9.2. Déileálfar le tomhais mar thomhais bhréagdhiúltacha nuair a choinníonn an tiománaí an fhéachaint dírithe ar phointe grinnithe atá suite laistigh d'Achar 3 a leagtar amach i mír 5.5.1.6. sa Rialachán seo agus faoin gcoinníoll a leagtar amach i mír 5.5.2.2. sa Rialachán seo agus nach n-astaítear aon rabhadh seachmaill laistigh de 6,5 shoicind (lena n-áirítear maolán neamhchinnteachta 0,5 soicind).

9.2.1. Féadfar tomhas a athrú ó thomhas bréagdhiúltach go tomhas 'neamhbhainteach' má thionscnaítear rabhadh fuaime nó haptach ó chóras eile feithicle, laistigh den tréimhse ama lena bhfuil coinne i gcás rabhadh ón ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí, nó má tá an córas eile feithicle sin nasctha leis an measúnú ar iompraíocht an tiománaí dá dtagraítear i mír 8.3.6 san iarscríbhinn seo.

10. Nós imeachta atástála chun scagadh a dhéanamh ar mheasúnú neamhfhoirfe ar iompraíocht an duine

10.1. Ní mór an nós imeachta atástála a dhéanamh faoi dhó ar a mhéad i gcás gach pointe grinnithe a meastar a bheith bréagdhiúltach i gcomhréir le mír 9.1. thuas, a tástáladh idir 50 km/u agus 65 km/u, agus ní mór é a dhéanamh faoi dhó ar a mhéad i gcás pointe grinnithe a meastar a bheith bréagdhiúltach i gcomhréir le mír 9.2. thuas, a tástáladh idir 20 km/u agus 35 km/u.

10.2. Leis an nós imeachta atástála, ní mór céim an nós imeachta tástála a leagtar amach i míreanna 8.2 go 8.3.9 thuas a dhéanamh, agus an t-oiriúnú seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Ní áirítear ar an liosta pointí grinnithe ach pointí grinnithe a aicmíodh roimhe sin mar bhréagdhiúltaigh; agus

(b) Ní mór don tiománaí tástála gníomhaíocht dhifriúil a dhéanamh, a bhaineann le hiompraíocht sheachmallach, le haghaidh gach atástála ar phointe grinnithe ar leith.

Féadfaidh na seirbhísí teicniúla an tiománaí tástála céanna nó tiománaí tástála difriúil a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonann an tiománaí tástála na ceanglais a leagtar amach i míreanna 3.1.1 go 3.1.4 thuas.

11. Torthaí críochnaitheacha na tástála

11.1. Déileálfar le tomhais a dhéantar le linn an nós imeachta atástála amhail ‘teip’ má dhéantar pointe grinnithe a atástáil agus má mheastar faoi dhó go bhfuil sé bréagdhiúltach i gcomhréir le mír 9.1. thuas, má dhéantar tástáil air idir 50 km/u agus 65 km/u. Bréagdhiúltach a athshanntar mar thomhas ‘neamhbhainteach’ nó mar fhíordheimhneach, ní mheasfar gur bréagdhiúltach é a thuilleadh agus ní thiocfaidh ‘teip’ as. Más rud é go ndearnadh atástáil amháin agus gur bréagdhiúltach é, déanfar an dara hatástáil ar an bpointe grinnithe.

11.2. Déileálfar le tomhais a dhéantar le linn an nós imeachta atástála amhail ‘teip’ má dhéantar pointe grinnithe a atástáil agus má mheastar faoi dhó go bhfuil sé bréagdhiúltach i gcomhréir le mír 9.2. thuas, má dhéantar tástáil air idir 20 km/u agus 35 km/u. Bréagdhiúltach a athshanntar mar thomhas ‘neamhbhainteach’ nó mar fhíordheimhneach, ní mheasfar gur bréagdhiúltach é a thuilleadh agus ní thiocfaidh ‘teip’ as. Más rud é go ndearnadh atástáil amháin agus gur bréagdhiúltach é, déanfar an dara hatástáil ar an bpointe grinnithe.

12. Critéir inghlacthachta

12.1. Comhlíonadh na gceanglas teicniúil uile maidir le córais ADDW a fhíorú trí bhíthin tástáil spotseiceála.

12.1.1. Critéar maidir le teip

Measfar gur go bhfuil teipthe ar ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí sa tástáil spotseiceála má aimsítear tomhas amháin nó níos mó a léiríonn ‘teip’, de réir mhír 11 thuas, i measc na bpointí grinnithe radhairc uile a leagtar amach i mír 4.2 thuas, arna dtástáil de réir an nós imeachta a leagtar amach i mír 8 thuas, agus arna n-atástáil b’fhéidir de réir mhír 10 thuas.

12.1.2. Critéar maidir le pas

Measfar gur éirigh leis an ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí sa tástáil spotseiceála nuair nach gcomhlíontar an critéar maidir le teip a leagtar amach i mír 12.1.1.